ÁR dTUAIRISC FHÉINMHEASTÓIREACHTA AGUS PLEAN FEABHSÚCHÁIN 2017 /2018

Sa bhliain seo a chuaigh thart, d'fhéachamar ar theagasc agus foghlaim inár scoil chun a fháil amach cad atá á dhéanamh go maith againn. Fuaireamar amach go bhfuil dul chun cinn suntasach tagtha ar rollúchán na scoile ó 2012 ar aghaidh agus gur chóir díriú ar an Ghaeilge mar bhunchloch na scoile chomh maith le hOSPS os rud é go bhfuil gach duine ag dul i ngleic leis na nósanna imeachta nua ar Chaomhnú Leanaí 2017.

Scaipeadh cóip den Chreat Cáilíochta ón leabhar ' Ag breathnú ar an scoil againne ' ar an chéad lá de mhí na Nollag mar thúsphointe don phlé ar an bpróiséas. Rinneadh go leor plé ar cheol ar an 4ú Márta agus ar OSPS sa scoil agus gur chóir díriú ar chomhmhúinteoireacht i leith múineadh an cheoil amach anseo ach na mbeidh an mhír seo mar fhócas na meastóireachta go dtí seo.

Rinneadh neart plé ar mhúineadh na Gaeilge agus cur i bhfeidhm an curaclam teanga comhtháite.

Bhí Bríd Nic Dhonnachada ag an scoil ar an 4ú Deireadh Fómhair 2017 agus bhuail siad leis na múinteoirí naíonáin go rang a Dó. Bhí seiminéar théis am scoile againn inár tugadh cur i láthair dúinn ar an gcuraclam comhtháite i gcoitinne.

Bhí an dara lá oiliúna san Óstán Raheen Woods ar an 14ú Eanáir 2018 le Bríd.

Ag eascairt ón bplé agus na seiminéair oiliúna, cinneadh go mbeidh Fócas na Féin-Mheastóireachta dírithe ar ghné na cumarsáide agus **Struchtúr abairte agus gramadach' (Sentence structure agus grammar).**

Úsáidfear na treoirleabhair curaclam, an treoirleabhar PDST ar an bpróiséas scríbhneoireachta mar aon le hinfheistíocht ar scéim Ghaeilge ' Buail Liom' ó Rang a Dó go Rang a Sé chun díriú go mion ar chruinneas i scríobh na Gaeilge tríd an Scéim Leabhar ar Cíos le linn na scoilbliana 2018/2019 agus 2019/2020.

Eispéiris na bhfoghlaimeoirí: go nglacann siad páirt go tairbheach i ngníomhaíochtaí foghlama fiúntacha agus go bhfásann siad mar fhoghlaimeoirí idirghníomhacha ionas go dtiocfadh feabhas ar chaighdeán an chruinnis thar an dá bhliain atá amach romhainn.

Cleachtas aonair na múinteoirí : Tá gach múinteoir ag tabhairt faoin ngné a fhorbairt le linn a p(h)leanáil agus a c(h)eachtanna chun foghlaim na ndaltaí a chur chun cinn agus beidh orthu freagairt riachtanach a dhéanamh ar fhoghlaim aonair an pháiste de réir an contanam foghlama.

Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc: Tá an ghné le forbairt tríd chumarsáid éifeachtúil a choinneáil idir na múinteoir maidir leis an bpróiséas agus tríd bhainistiú acmhainní.

Tá forbairt ghairmiúil an mhúinteora le forbairt tríd uaireanta Páirc Uí Chrócaigh a chur ar leataobh agus deiseanna a chur ar fáil do mhúinteoirí an dul chun cinn a phle.

Seo a rinneamar chun a fháil amach cad a bhí á dhéanamh go maith againn, agus cad a d'fhéadfaimis a dhéanamh níos fearr:

Dírbhreathnú ar chóipleabhar na ndaltaí agus samplaí scríbhneoireachta óna daltaí.

Géar-éisteacht ar chaint na ndaltaí ar chlós na scoile agus sa rang le linn an cheachta.

Seo a bhfuilimid chun obair air anois:

OSPS agus Folláin sa scoil i gcómhthéacs na féin-mheastóireachta. Tá grúpa-fócais tuismitheoirí ag teacht le chéile ar an ábhar ar an 13ú Feabhra 2019. Bhí cruinniú eolais curtha ar siúl do na tuistí ar an Mháirt 4 Nollaig ag 9 sa scoil chun an próiséas a thosnú. Cinneadh go gcuirfí grúpa le chéile a bheadh in ann cabhrú le foireann na scoile an t-eispéireas foghlama is fearr a chur ar fáil dár bpáistí. Beidh Steve Lane ón bPDST agus Príomhoide na scoile i láthair ar an óiche.

An Ghaeilge- Tá ceistneoir le scaipeadh chuig na páistí agus chuig múinteoirí na scoile maidir le struchtúr comhréir abairte a mheas agus chun tuairimí na ndaltaí a nochtadh ar an gcur chuige nua.

Tá an scrúdú Gaeilge Droim Conradh le riaradh ar an scoil ar fad le linn na scoilbliana 2018/2019 chun monatóireacht chaighdeánach a dhéanamh ar thorthaí foghlama na ndaltaí.

Seo roinnt eolais faoin gcaoi ina bhfuil ár gcuid oibre ar siúl againn agus faoi cad a éilíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna orainn a dhéanamh.

Am scoile agus laethanta saoire

Cuireann an Roinn de cheangal ar na bunscoileanna uile **183 lá scoile** a bheith acu gach bliain.
I mbliana, bhí 181 lá scoile againn, bhí dhá lá dúnadh eisceactúil ar an 1ú agus an 2ú Márta 2018 mar gheall ar stádas aimsire dearg de bharr drochshneachta.

I mbliana thógamar ár laethanta saoire scoile go léir laistigh den am ceadaithe.

Leagann an Roinn síos socruithe do **chruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí agus cruinnithe foirne.** I mbliana bhí cruinniú tuismitheoirí/múinteoirí againn ar an 28ú agus 29ú Samhain 2017 agus trí chruinniú foirne, iad ar fad i gcomhréir le rialacháin na Roinne.

Ag tabhairt aire do na leanaí inár scoil

Cuireann an Roinn de cheangal ar scoileanna na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí 2017* atá leagtha síos aici a leanúint. Tá aontaithe ag ár mbord bainistíochta i scríbhinn é seo a dhéanamh.
TÁ/ NÍL

Tá a fhios ag na múinteoirí go léir faoi na *Nósanna Imeachta* agus táimid tar éis a rá leis an tuismitheoirí go léir fúthu agus an chaoi ina leanaimid iad. TÁ / NÍL
Is é/í ár dTeagmhálaí Ainmnithe ná Sinéad Nic Giolla Chionnaigh (Príomhoide)

agus is é/í ár dTeagmhálaí Ainmnithe Tánaisteach ná Neasa Nic Fhlanncha.

Bhí dhá leathlá ag foireann na scoile ar an 16ú Márta agus 7ú Aibreáin chun ár measúnachta riosca a phlé agus chun ár an chúrsa rfoghlama PDST agus Tusla a chur i gcrích.

Múintear na ceachtanna Bí Sabháilte gach bliain sa scoil. Bhí eascaitheoir ó bPDST Lisa Noone ag an scoil ar an 17ú Deireadh 2017 chun na leabhrán nua ' Bí Sabháilte' a phlé leis na múinteoirí i ngrúpaí beaga. D'fhreastal an Príomhoide ar an lá traenála dona treoirlínte nua ar an 6 Nollaig 2017.

Rollú agus tinreamh

Cuireann an Roinn de cheangal ar scoileanna polasaí iontrála a bheith acu agus a fhoilsiú, tinreamh a thaifeadadh agus a thuairisciú go cruinn, agus tinreamh ard agus rannpháirtíocht a spreagadh.

Tá polasaí iontrála againn agus tá sé foilsithe. Déanann Bord na scoile athbhreithniú bhliantúil ar an bpolasaí.
Rinneamar athbhreithniú ar an bpolasaí Mí Eanáir 2018 agus tá an chéad athbhreithniú eile le déanamh againn ar an 29ú Eanáir 2019.

Tá taifid chruinne á gcoinneáil againn ar thinreamh agus déanaimid iad a thuairisciú mar is gá. Rinneadh infheistíocht ar chóras DataBiz na scoile i Mí Mheán Fómhair 2018 agus tá sé in úsáid againn chun tinrimh na scoile a thaifeadadh agus a riaraidh de réir rialacha na hActa.

Spreagaimid tinreamh ard ar na bealaí seo a leanas: Bíonn ceiliúradh bhliantúil ar an dtinrimh ina mbronntar teastaisí ar dhaltaí le sárthinrimh agus daltaí ina bhfuil le feabhas suntasach tagtha ar thinrimh.

Bíonn teagmháil rialta againn leis an EWO ó Tusla Paul McCavera. Tá Stráitéis Tinrimh ag an scoil agus curtha ag tuistí na scoile i bhfoirm rphost. Cuireadh cóip den Stráitéis chuig Tusla ar an 29 Meán Fómhair.

Iompar dearfach do Scoil shona

Cuireann an Roinn de cheangal ar scoileanna cód iompair a bheith acu, agus iarrann orainn dul i gcomhairle le tuismitheoirí agus leanaí faoi. Déanaimid é seo. (TÁ) / NÍL

Tugann ár gcód iompair cur síos ar iompar dearfach agus tacaíonn sé leis. (TÁ) / NÍL

Tá polasaí frithbhulaíochta an-soiléir agus ar ardphróifíl againn inár scoil. Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí bullaíochta i Mí Feabhra 2018. Bhí aoichainteor Pat Courtney ag an scoil i gcómhair trí cheardlann le daltaí, múinteoirí agus teaghlaigh na scoile. (TÁ) / NÍL

Síniú an Chathaoirligh: Brian Ó hAnnáin

Síniú an Phríomhoide: Anne Mc Grath Cheannt